



Coimisiún
na Meán

Speisialtóir Tacaíochta Feidhmeanna

Grád an Ardoifigigh Feidhmiúcháin
An Rannóg Sonraí & Teicneolaíochta

Pacáiste Faisnéise Iarrthóra



Samhain 2025

A larratasóir, a chara,

Go raibh maith agat as do spéis a léiriú i ról an Speisialtóir Tacaíochta Feidhmeanna. Agus tú ag obair i gCoimisiún na Meán, cabhróidh tú le tírdhreach meán rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa a chruthú, a oibríonn do dhaoine in Éirinn agus ar fud an AE.

Cabhróidh tú linn tírdhreach na meán a rialáil, a thacú agus a fhorbairt. Cabhróidh tú le cearta bunúsacha gach duine a chosaint agus a chinntiú go leanfaimid de bheith ag maireachtáil i sochaí dhaonlathach oscailte.

Tá ár n-eagraíocht ag fás go tapa. D'fhás muid ó 40 duine go 200 sa chéad dá bhliain. Táimid ag iarraidh fás go dtí os cionn 300 anois. Tagann ár ndaoine ó raon leathan cúlraí: na hearnálacha ar líne agus na meán, an tsochaí shibhialta, an tseirbhís phoiblí, an saol acadúil agus gairm an dlí. Táimid bródúil as na deiseanna a thugaimid d'fhás gairmiúil. Táimid tiomanta d'fhórsa saothair a bheith againn a léiríonn éagsúlacht na sochaí ar a bhfreastalaímid.

Tá lúcháir orainn a bheith ag earcú do ról Stiúrthóir Cúnta dár bhfoireann Maoirseachta Ardáin. Cuirfidh an ról seo le seachadadh na straitéise a ghlacamar níos luaithe i mbliana. Leanfaidh sé ar aghaidh ag cur lenár spriocanna chun a chinntiú go mbeidh tírdhreach na meán cumarsáide in ann:

- seasamh le cearta, folláine agus forbairt leanaí
- tacú leis an daonlathas agus le luachanna daonlathacha
- bheith mar cheann a bhfuil muinín ag tomhaltóirí as ionas go gcosnófar iad ó dhúshaothrú agus ó chalaois
- cultúr na hÉireann agus cé muid féin mar shochaí a léiriú agus a mhúnlú
- luachanna an cheartais, an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe a chur chun cinn
- sláinte agus sábháilteacht an phobail a neartú

Má chreideann tú go bhfuil an deis seo ag teacht le do chuid scileanna agus má thugann sé deis fás go gairmiúil, bheimis ar bís cloisteáil uait agus spreagfainn duit iarratas a dhéanamh.

Is mise le meas

Jeremy Godfrey, Cathaoirleach Feidhmiúcháin



Ár bhFís agus ár Misean



Is í an fhís atá againn ná tírdhreach meán rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa a chinntiú.




Déanaimid tírdhreach na meán a rialáil, a thacú agus a fhorbairt atá mar bhonn agus mar thaca ag cearta bunúsacha agus a chothaíonn sochaí oscailte, dhaonlathach agus iolraíoch.

Ár Réimsí Torthaí Straitéiseacha



Ár Luachanna



Eolas Faoin Ról Seo

Cuspóir an Róil

Leis an bhfeachtas seo, tá painéal á chruthú againn óna líonfar folúntais ag leibhéal an Ardoifigigh Feidhmiúcháin (AOF) do speisialtóirí TFC i bhfoireann na bhFeidhmchlár/na Réiteach Digiteach. Beidh na ról seo ar fud fhorbairt, shlándáil agus oibríochtaí feidhmchlár an réimse. Agus tú ag obair go dlúth leis na Stiúrtóirí Cúnta agus leis an Stiúrtóir TFC, cuirfidh tú le planáil, forbairt agus cur chun feidhme na bhfeidhmchlár agus an Bhonneagair TFC a theastaíonn ó Choimisiún na Meán chun ár misean a chomhlíonadh maidir le tirdhreach rathúil, éagsúil agus sábháilte ar líne agus sna meáin a chinntiú.

Beidh ról tacaíochta agat maidir le córais a sholáthar atá oiriúnach d'eagraíocht atá ag fás go mbeidh os cionn 300 ball foirne aici. Chomh maith le feidhmchláir ghnó le haghaidh comhair, bainistiú doiciméad agus sreabhadh oibre, beidh córais de dhíth orainn chun tacú le hidirghníomhaíochtaí le húsáideoirí deiridh agus le páirtithe leasmhara, chun gearáin a láimhseáil faoi chraoltóirí agus faoi sholáthraithe seirbhíse ar líne, chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh agus chun imscrúduithe foirmiúla a dhéanamh. Chun comhar a éascú ar fud an Aontais Eorpaigh, beidh gá le córais áirithe a chomhtháthú le córais atá á bhforbairt ag an gCoimisiún Eorpach.

Maidir leis an bhFoireann/Rannóg

Mar bhall den Fhoireann TFC atá ag dul i méid, beidh tú ag teacht isteach i gCoimisiún na Meán ag tráth spreagúil ina bhfuil athrú uaimhianach ag teacht ar rialáil na meán. Sa ról seo, beidh ról lárnach agat maidir le feidhmchláir ghnó a sholáthar chun tacú le riachtanais na heagraíochta atá ag athrú. Gheobhaidh tú taithí luachmhar ag bainistiú agus ag tacú le feidhmiú céimneach réiteach bogearraí ar fud raon teicneolaíochtaí agus ardán, ag cabhrú lena chinntiú go nglactar go rathúil leo agus go dtugann siad fíorluach don ghnólacht.

Cuireann na ról Soláthair Feidhmchlár seo deis ghairme thairbheach agus éagsúil ar fáil agus ár bhfeidhm TFC á leathnú againn. Táimid ag lorg gairmithe TFC a bhfuil taithí acu agus a bhfuil cúlra láidir acu i réitigh dhigiteacha agus a bhfuil cuntas teiste cruthaithe acu maidir le feidhmchláir ghnó a sholáthar. Beidh fuinneamh, treallús, teacht aniar agus spreagadh ag na hiarrthóirí a n-éireoidh leo, agus éireoidh go han-mhaith leo mar chuid d'fhoireann soláthair shofhreaigrúil ardfheidhmíochta.



Coimisiún
na Meán

Príomhfhreagrachtaí

- Tacú le dearadh agus soláthar feidhmchlár gnó nua agus feabhsuithe ar chórais atá ann cheana.
- Riachtanais úsáideoirí gnó a bhailiú agus a dhoiciméadú chun a chinntiú go bhfreastalaíonn feidhmchláir ar riachtanais eagraíochtúla.
- Oibriú le díoltóirí, soláthraithe, agus foirne inmheánacha chun feidhmchláir a chur chun feidhme agus a chumrú.
- Tacú le tástáil, fabhtcheartú, agus réiteach fadhbanna le linn feidhmiú céimneach agus ina dhiaidh sin.
- Tacaíocht, oiliúint, treoir agus doiciméadú a chur ar fáil chun cabhrú leis an bhfoireann feidhmchláir nua a ghlacadh go héifeachtach.
- Measúnuithe riosca a dhéanamh ar fheidhmchláir atá ann cheana nó atá beartaithe agus tacú le prionsabail 'Slándáil trí Dhearadh' le linn fhorbairt agus sholáthar na bhfeidhmchlár.
- Athbhreithnithe slándála inmheánaí a chomhordú agus cur le hullmhacht iniúchóireachta seachtraí i ndáil le rialachas agus comhlíonadh TFC.
- Monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar rioscaí, laigí agus teagmhais slándála feidhmchláir ar fud na heagraíochta.
- Monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na bhfeidhmchlár agus tacú le cothabháil agus uasghrádú leanúnach.
- Cur le foireann TFC shofhreagrúil chomhoibríoch a chuireann réitigh dhigiteacha ar fáil ar fud na heagraíochta.
- Eolas láidir a léiriú ar fheidhmchláir ghnó, réitigh teicneolaíochta, agus treochtaí atá ag teacht chun cinn, agus an cumas iad a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs soláthair praiticiúil.
- Éireoidh go han-mhaith leo i dtimpeallacht atá ag athrú go tapa, beidh siad in ann nithe a chur in ord tosaíochta go héifeachtach, riachtanais a bhailiú, agus glacadh réiteach nua a spreagadh.

Tá an méid thuas beartaithe mar threoir ar raon ginearálta na ndualgas agus tá sé beartaithe nach mbeidh sé cinntitheach ná sriantach agus tá sé faoi réir athbhreithnithe.



Eolas Fút

Taithí, Scileanna, Eolas & Cáilíochtaí

Critéir Riachtanacha

Chun go n-éireoidh leo sa ról seo, beidh meascán scileanna agus cáilíochtaí ag an iarrthóir is fearr ar fud réimse Theicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide. Ní mór an méid seo a leanas a bheith ag an iarrthóir is fearr:

- Taithí léirithe ar bheith ag cur le foirne soláthair TFC, agus tuiscint láidir acu ar phróisis theicniúla agus/nó ghnó ar fud thimpeallacht soláthair feidhmchlár TFC.
- Tá dhá dheimhniú ábhartha ar a laghad acu nó tá scileanna agus eolas inléirithe acu in dhá cheann de na réimsí seo a leanas:
 - a) Bainistíocht Tionscadal TFC, (E.g. Prince)
 - b) Deimhnithe Microsoft, (E.g. Office 365, CRM Dynamics 365, Power Platform, Riarthóir Teams agus Slándáil agus Comhlíonadh Microsoft)
 - c) CompTIA Security+ nó a choibhéis
 - d) Anailís Ghnó / Próisis a dhearadh agus a fheabhsú, (E.g. Lean Six, AgileBA)
 - e) Creataí Bainistíochta Seirbhíse TFC (e.g. ITIL)

Critéir Inmhianaithe

- Cáilíocht ar leibhéal céime NFQ san Eolaíocht Ríomhaireachta, sa Teicneolaíocht Faisnéise nó i ndisciplín ábhartha a bhaineann le gnó.
- Taithí ar Microsoft Office, Office 365 & taithí riaracháin ar Power Platform
- Taithí ar anailís ghnó agus/nó teicnící chun próisis ghnó a dhearadh agus a fheabhsú.
- An-taithí ar sholáthar Tionscadal TFC a stiúradh.
- Cuntas teiste cruthaithe a thaispeáint maidir le cur le feidhmiú céimneach rathúil na bhfeidhmchlár nó le tionscadail soláthair TFC, agus béim á leagan ar an gcaoi a gcuireann siad leis an eagraíocht.
- Eolas agus taithí i dtimpeallachtaí Azure agus Oibríochtaí Forbartha.



Príomhfhaisnéis

Sochair, Pacáiste & Pá

- Cuirtear an post seo ar fáil ar bhonn Buan.
- Lánaimseartha, 35 uair in aghaidh na seachtaine
- Saoire Bhliantúil: 29 lá in aghaidh na bliana
- Ról hibrídeach a bheidh sa ról ina mbeidh meascán d'obair sa bhaile agus san oifig. Is é ár mbeartas hibrídeach reatha 2 lá san oifig.
- Tá ár n-oifig lonnaithe ag a hAon Foirgnimh Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4, D04 NP20.
- Féach ár suíomh gréasáin [anseo](#) le haghaidh liosta iomlán sochar
- Tá an post seo grádaithe ar [scála](#) an Ardoifigigh Feidhmiúcháin..
- Ceapfar iarrthóirí a n-éireoidh leo ar an gcéad phointe den scála.

Próiseas Iarratais

Má tá suim agat iarratas a dhéanamh ar an bpost seo, cuir na nithe seo a leanas isteach:

- CV (2 leathanach ar a mhéad) agus litir chlúdaigh/ráiteas pearsanta (1 leathanach ar a mhéad) ina leagtar amach cén fáth a gcreideann tú go gcomhlíonann do scileanna, taithí agus luachanna riachtanais an phoist trí [ANSEO](#)
- Tá ceapachán ar an ról seo faoi réir incháilitheacht an iarrthóra chun oibriú in Éirinn. Éilíonn gach post ar iarrthóirí cónaí i bPoblacht na hÉireann nó i dTuaisceart Éireann.
- Déanfar iarrthóirí a théann i mbun canbhasála a dhícháiliú agus a eisiamh ón bpróiseas

Ní bhreithneofar iarratais dhéanacha nó iarratais nach bhfuarthas tríd an gcainéal ceart, mar a léirítear thuas.

Le haghaidh ceisteanna a bhaineann leis an bpróiseas iarratais nó roghnúcháin a bhaineann leis an ról seo, déan teagmháil le cnam@cpl.ie

Inniúlachtaí

Féach liosta na n-inniúlachtaí thíos a mheasúnófar ag céim an agallaimh don chomórtas seo:

Ceannaireacht Foirne

Breithiúnas, Anailís agus cinnteoireacht

Bainistíocht agus Baint Amach Torthaí

Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide

Saineolas, Oilteacht agus Féinfhorbairt

Treallús & Tiomantas do Luachanna Seirbhíse Poiblí



Muinín



Iarmhairt



Misneach



Neamhspleáchas



Díríthe ar
dhaoine



Ionracas

An Próiseas Roghnúcháin

Áireofar sa phróiseas roghnúcháin:

Iarrthóirí a ghearrliostú bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil ina n-iarratas, arna measúnú in aghaidh na gcrítéar sonraithe don ról. Tabharfar cuireadh d'iarrthóirí atá ar an ngearrliosta freastal ar agallamh ar bhonn inniúlachtaí a dhéanfar go pearsanta ag ár n-oifig i mBaile Átha Cliath.

Socruithe Réasúnta

Cuirfear socruithe réasúnta ar fáil, más gá, le linn an phróisis earcaíochta. Chun socruithe réasúnta faoi rún a phlé agus a iarraidh téigh i dteagmháil le Angeline McKiernan ag amckiernan@cnam.ie

Is fostóir comhdheiseanna é Coimisiún na Meán. Cuirimid fáilte roimh iarratais ó iarrthóirí a bhfuil cúlraí éagsúla acu agus táimid tiomanta d'fhórsa saothair cuimsitheach agus éagsúil a chur chun cinn a léiríonn Éire na linne seo. Oibrímid chun cultúr a chruthú ina bhfuil rochtain chomhionann ag gach duine ar dheiseanna agus ina mbraitheann siad compordach iad féin a chur i láthair go dílis ag an obair.

Dáta Deiridh: 3pm, an 18 Samhain 2025



Investors in
Diversity

BRONZE

